
NCCA

# Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile in Éirinn

## Achoimre Feidhmiúcháin | An Próiseas Athfhorbartha a Leagan Amach




Tá curaclam bunscoile athfhorbartha ag druidim i dtreo a thabhairt chun críche agus tabharfar isteach i ngach bunscoil agus gach scoil speisialta in Éirinn é i mí Mheán Fómhair 2025. Is é seo an ceathrú leasú suntasach ar churaclam na bunscoile ó bhain Éire neamhspleáchas polaitiúil amach in 1922.

Is é is cuspóir don tuarascáil, An Próiseas Athfhorbartha a Leagan Amach, léargas a thabhairt ar an bpróiseas a d'úsáid an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) chun curaclam na bunscoile a athfhorbairt idir 2012 agus mí an Mhárta 2025, agus chun an próiseas sin a dhoiciméadú. Tugtar forléargas ar an tuarascáil san achoimre feidhmiúcháin seo agus tá an cháipéis iomlán ar fáil ar **ar shuíomh gréasáin CNCM**. Is den tábhacht é an t-aistear ar athfhorbairt an churaclaim a dhoiciméadú chun a chinntiú go mbíonn an próiseas trédhearcach agus gafa dóibh siúd in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ar mian leo tuiscint a fháil ar na céimeanna aonair agus i gcomhar a chéile a glacadh chun cruth nua a chur ar churaclam bunscoile na hÉireann.

Déanann an tuarascáil seo an próiseas athfhorbartha a leagan amach i gceithre shnáithe éagsúla idirnasctha a d'aithin CNCM mar na ceithre ghné idirnasctha a chuireann bonn eolais faoi fhorbairt na comhairle curaclaim agus measúnaithe don Aire Oideachais. Is iad sin, faoi mar a léirítear thíos:

- **Taighde agus forbairtí beartais** – clúdaíonn sé seo na príomhpháipéir taighde agus beartais a d'fhorbair nó a choimisiúnaigh CNCM chun bonn eolais a chur faoin gcuraclam athfhorbartha. Áirítear leo sin raon iniúchtaí idirnáisiúnta, léirbhreithnithe córasacha ar an litríocht agus tuarascálacha taighde téamacha, chomh maith le léargais taighde ón tionscadal Saol Scoile Páistí a mhaoiníonn CNCM.

- **Comhairliúchán:** – clúdaíonn sé seo na próisis fhoirmiúla comhairliúcháin a d'éascaigh CNCM chun barúlacha páistí, tuismitheoirí, múinteoirí, ceannairí scoile, bord bainistíochta, pátrún agus páirtithe leasmhara níos leithne a bhailiú maidir leis an gcuraclam athfhorbartha. Áirítear leis na straitéisí, suirbhéanna ar líne, fócasghrúpaí agus teacht le chéile i seimineáir, chomh maith le modhanna saincheaptha chun guthanna na bpáistí a spreagadh.

- **Líonrú** – clúdaíonn sé seo an réimse leathan deiseanna líonraithe a d'fhorbair CNCM agus a úsáideadh chun barúlacha na hearnála oideachais ó thaobh na hathfhorbartha curaclaim de a bhailiú. Áiríodh leo sin réimse seimineár náisiúnta, rannpháirteachas leis an bhFóram Scoileanna agus obair an Phainéil Chomhairligh (Bunscoil).

- **Plé** – clúdaíonn sé seo na próisis inmheánacha laistigh de CNCM ó thaobh obair le hiomláine na fianaise a fuarthas ó thaighde, chomhairliúcháin agus líonrú chun cinntí a dhéanamh maidir le curaclam athfhorbartha na bunscoile a chur ar fáil. Foireann Feidhmiúcháin CNCM a rinne an obair seo a stiúradh agus bhí struchtúir ionadaíocha níos leithne páirteach ann freisin, amhail Meithleacha Forbartha CNCM, Bord CNCM don Luath-Óige agus don Bhunscoil agus Comhairle CNCM.

**TAIGHDE**

Úsáidtear fianaise thaighde, dea-chleachtas agus taithí idirnáisiúnta chun bonn eolais a chur faoin gcomhairle

**PLÉ**

Bíonn an chomhairle sin bunaithe ar na cainteanna agus ar an bplé a bhíonn ag an gComhairle agus ag a boird agus meithleacha forbartha

**COMHAIRLIÚCHÁN**

Bíonn tionchar ag an aiseolas a fhaightear ó chomhairliúcháin leis an bpobal, scoileanna, suíomhanna luath-óige, leasanna oideachasúla agus dreamanna eile ar an gcomhairle

**LÍONRAÍ**

Tugann líonraí scoileanna agus suíomhanna luath-óige aiseolas ar na smaointe agus cuir chuige éagsúla atá á bhforbairt agus cuireann siad samplaí praiticiúla ar fáil.

Laistigh de gach snáithe, fiosraítear príomhgharspriocanna in aistear na hathfhorbartha, de réir dátaí den chuid is mó. Cé go bhfuil na ceithre shnáithe seo úsáideach ó thaobh na bpríomhcholún athfhorbartha a dhoiciméadú, is minic a bhíonn forluí i gceist ó thaobh na bpróiseas seo (m.sh., is minic a rinne tuarascálacha taighde eolas do phróisis comhairliúcháin nó imeachtaí líonraithe). Ós rud é go raibh na próisis agus amlínte d'fhorbairt *Churaclam Teanga na Bunscoile* agus *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* éagsúil le gnéithe eile den churaclam athfhorbartha, léirítear iad seo astu féin. Tagraíonn gach snáithe don mhéid mhór foilseachán agus aschur a bhí mar bhonn eolais faoin bpróiseas athfhorbartha agus arbh iad torthaí an phróisis iad freisin, agus leagtar béim faoi leith orthu sin a choimisiúnaigh nó a d'fhoilsigh CNCM.



**An tOllamh Emerita Louise Hayward**
Ollscoil Ghlaschú



**An tOllamh Jim Spillane**
Ollscoil Northwestern, Chicago



**An Dr Thomas Walsh**
Ollscoil Mhá Nuad



**An tOllamh Dominic Wyse**
Coláiste na hOllscoile, Londain

Tá machnaimh ar an bpróiseas athfhorbartha ann ón gceathrar comhaltaí a bhí ar an bPainéal Comhairleach (Bunscoil), is iad sin, an tOllamh Louise Hayward, an tOllamh Jim Spillane, an tOllamh Dominic Wyse, agus an Dr Thomas Walsh. Cuireann siad seo dearcadh idirnáisiúnta agus seachtrach ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas go dtí seo

Baineadh leas sa phróiseas athfhorbartha as guthanna agus taithí comhpháirtithe ar fud thírdhreach uile an oideachais in Éirinn, chomh maith le peirspictíochtaí ó thaighde agus ó shaineolaithe idirnáisiúnta, agus tarraingíodh le chéile iad. Trí phróiseas seo na comhpháirtíochta machnaimh agus an phlé leanúnaigh, tá smaointeoireacht an chórais agus an smaointeoireacht indibhidiúil i ndiaidh an-dul chun cinn a dhéanamh le deich mbliana anuas de réir mar a fiosraíodh, a pléadh agus a beachtaíodh smaointe agus tosaíochtaí nua oideachasúla, agus de réir mar a idirphléadh teoiricí, coincheapa agus oideolaíochtaí nua leis na córais creidimh agus na cleachtais arbh ann dóibh cheana féin. Is trí na cineálacha éagsúla eolais – ó thaighde, beartas agus cleachtas – a tháinig plé luachmhar agus bealaí chun tosaigh chun cinn.

Dea-chomhartha is ea tréimhse fhada agus freastal suntasach phróiseas athfhorbartha churaclam na bunscoile go mbeidh sé oideachasúil dóibh siúd ar fad atá 'ag foghlaim le chéile' laistigh den chóras oideachais. Ach tá go leor oibre le déanamh fós. Is gá don fhoghlaim le chéile agus don déanamh céille leanúint ag leibhéil uile an chórais agus ag leibhéal na scoile go háirithe; is gá spás agus am a chur ar fáil chun go dtiocfadh tuiscintí nua comhroinnte agus comhchruthaithe chun cinn, chun freastal ar dhiminsin mhothaitheacha agus mhothúchánacha an athraithe curaclaim, chun dul i riosca agus tabhairt faoin tástáil, agus chun an rath a cheiliúradh.

**Léigh an tuarascáil iomlán ar NCCA.ie**